Paisinéirí an Titanic - Cuid 1

(a) Fiosraigh na paisinéirí:

(Arna atáirgeadh ó Bhailiúchán Grianghraf Harland & Woolf , © Gailearaithe agus Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann, Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh, tagairt H1722)

Bain úsáid as Bunachar Sonraí Phaisinéirí an Titanic leis an eolas seo a leanas a fháil amach.

- Aimsigh ainm paisinéara a bhí ina ghearrthóir cloiche agus déan taifead de cé acu a mhair sé nó a fuair sé bás.
- Bhí Bruce Ismay ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an White Star Line. Cén t-ainm a bhí ar a rúnaí?
- Cén t-ainm eile a bhí ar Mrs. J.M. Brown?
- Cad é a bhí i gcoitinne ag na daoine seo a leanas lena chéile agus ar mhair siad?
  a. Woolf Spector
  b. Samuel Greenberg
  c. Samson Abelson
  d. Sehua Kantor

Anois, bain úsáid as suíomh gréasáin cuí le taighde a dhéanamh ar an mhéid seo a leanas:

- Déan iarracht tuilleadh a fháil amach faoi cérbh í Mrs J.M. Brown, faoin bhád tarrthála ar éirigh léi éalú air agus cad chuige a raibh clú is cáil uirthi ina dhiaidh mar mharthanóir Titanic.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 1

Déan (b) nó (c).

(b) Cruthaigh Leathanach Tosaigh Nuachtáin:

Dear leathanach tosaigh do nuachtán an lá i ndiaidh don Titanic dul go tóin poill.

Roghnaigh teideal do do nuachtán.

- Cuir isteach roinnt eolais atá aimsithe agat i mbunachar sonraí Phaisinéirí an Titanic.
- Déan iarracht tuilleadh eolais a aimsiú ó na suíomhanna gréasáin a thug do mhúinteoir duit faoi dhuine amháin, nó níos mó ná duine amháin atá luaite sna ceisteanna, agus cuir isteach i do nuachtán é.
- Déan machnamh ar ábhar agus ar leagan amach do leathanach tosaigh agus déan an scríbhneoireacht a leagan amach le cuma nuachtáin a chur air. Bain úsáid as ceannlíne agus fo-cheannlínte agus cuir grafaicí nó grianghraif atá fóirsteanach isteach. Sábháil agus priontáil cóip de do chuid oibre.
- Taispeáin do nuachtán do chara leat, pléigh dóigh ar bith ar féidir é a fheabhsú agus déan athruithe ar bith atá de dhíth.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 1

(c) Cruthaigh Cur i Láthair:

- Cruthaigh cur i láthair gairid a bhfuil 4 shleamhnán ar a laghad ann faoin Titanic agus cuir roinnt eolais leis a fuair tú sa bhunachar sonraí nó ar an Idirlíon.
- Déan plean do do chur i láthair.
- Cuir pictiúr nó grianghraf isteach ar gach sleamhnán chomh maith le roinnt téacs agus fuaimeanna.
- Roghnaigh leagan amach agus dath cúlra cuí do do chuid sleamhnán.
- Sábháil do chur i láthair agus taispeáin don rang é.
- Déan athruithe ar bith atá de dhíth.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

(a) Aimsigh eolas ar na paisinéirí:

(Arna atáirgeadh ó Bhailiúchán Grianghraf Harland & Woolf , © Gailearaithe agus Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann, Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh, Uimhir Thagartha 401-E)

- Bain úsáid as Bunachar Sonraí Phaisinéirí an Titanic leis an eolas seo a leanas a fháil.
- Cad é céatadán na bpaisinéirí a bhí ag taisteal i ngach grád? Cruthaigh agus priontáil píchairt/eanna le do fhreagra a léiriú, ag cinntiú go dtaispeántar na céatadáin.
- Ar thaistil oibrithe ar bith sa 1ú ghrád nó sa 2ú grád? Mínigh do fhreagra.
- Cá mhéad paisinéir sa liosta nach bhfuil 'eolas' ar bith luaite leo? Bain úsáid as an Idirlíon le roinnt eolais a aimsiú ar dhuine amháin de na paisinéirí seo. Scríobh alt gairid faoi nó fúithi.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

(a) Aimsigh eolas ar na paisinéirí (ar lean)

- Cuardaigh taifid na bpaisinéirí le fáil amach arbh fhearr an seans a bhí ag na paisinéirí sa chéad ghrád maireachtáil ná mar a bhí ag na paisinéirí sa dara agus tríú grad. Cad chuige a raibh sé seo amhlaidh, dar leat?

- Arbh fhearr an seans a bhí ag na mná maireachtáil ná mar a bhí ag na fir? Cuardaigh taifid na bpaisinéirí agus bain úsáid as an toradh le do fhreagra a mhíniú.

Anois, bain úsáid as suíomh gréasáin cuí le taighde a dhéanamh ar na rudaí seo leanas:

- Déan iarracht ainm Chaptaen na loinge a fháil amach agus cad é a rinne sé an oíche a bhuail an Titanic cnoc oighir.

- B'oifigeach é C.H. Lightoller ar an Titanic. Déan iarracht a fháil amach cad é an chéim a bhí aige agus cad iad na cinntí a rinne sé nuair a chuaigh an Titanic go tóin poill.

- Déan taighde ar scéal Thomas Andrews agus a ghníomhartha an oíche a chuaigh an long go tóin poill.

Anois déan an Nuachtán nó an Cur i Láthair

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

Déan (b) nó (c).

(b) Cruthaigh Leathanach Tosaigh Nuachtáin:

RÉALTA AN TRÁTHNÓNA

GACH DUINE SLÁN I NDIAIDH BHRISEADH AN TITANIC

Foilsíodh an nuachtán seo an mhaidin i ndiaidh don Titanic dul go tóin poill. Tá an ceannlíne contráilte. Déan machnamh ar cad chuige a bhfuil sé amhlaidh. Dear leathanach tosaigh don chéad eagrán eile sa lá nuair ba mhó an méid eolais a bhí ar fáil. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt nuachtán ar líne ó mhí Aibreáin 1912 a iniúchadh in éineacht le daoine eile i ngrúpa, ag tabhairt airde ar an dóigh ar cuireadh eolas i láthair, ar leagan amach, ar chlónna agus ar ghrafaicí.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

(b) Cruthaigh Leathanach Tosaigh Nuachtáin ar lean

Cuir isteach roinnt eolais atá aimsithe agat faoi dhaoine atá luaite sna ceisteanna. Déan dianmhachnamh ar an chineál teanga a roghnaíonn tú, ionas go mbeidh sí ag teacht le tréimhse sin na staire.

- Roghnaigh bogearraí cuí le do nuachtán a dhearadh.
- Cuardaigh an tIdirlíon, CD-ROManna nó bunachar sonraí Phaisinéirí an Titanic le heolas agus grafaicí a aimsiú nó bain úsáid as íomhánna ar féidir á scanadh.
- Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs féin a chur isteach agus déan é a fhormáidiú ar bhealach fóirsteanach. Bain úsáid as colúin.
- Bain úsáid as barra uirlisí na bpictiúr le híomhá, graf nó tábla a roghnaigh tú a chur in eagar, agus cuir isteach i do nuachtán é.
- Sábháil do nuachtán, priontáil é agus pléigh na feabhsuithe is féidir a dhéanamh le daoine eile.
- Déan athruithe ar bith atá de dhíth agus sábháil do chuid oibre.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

(c) Cruthaigh Cur i Láthair:

Cruthaigh do chur i láthair féin ar bhriseadh an Titanic.

- Pleanáil cad é a chuirfidh tú i ngach sleamhnán. Cuardaigh an tIdirlíon, CD-ROManna nó bunachar sonraí Phaisinéirí an Titanic le heolas, grafaicí nó gearrthóga íomhánna gluaiste a fháil.

- Déan machnamh, agus na sleamhnáin á gcruthú agat, ar an leagan amach, ag baint úsáide as téacs agus íomhánna neamhghluaiste nó gluaiste. Cuimhnigh tuiscint a léiriú ar spriocghrúpa agus ar aidhm.

- Roghnaigh stíleanna agus éifeachtaí cuí, teimpléid dearaidh san áireamh. Cuir graf i do chur i láthair.

- Bain úsáid as réimse gnéithe i do chuid sleamhnán, mar shampla, boscaí téacs, urchair agus uimhriú.

- Amharc ar do chur i láthair agus déan cinneadh ar ord na sleamhnán agus cuir trasdulta isteach idir na sleamhnáin lena fheabhsú.

- Cuir do chuid oibre in eagar agus sábháil í i bhfillteán ainmnithe.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 2

Déan (a) nó (b)

(a) Cruthaigh Leathanach Tosaigh Nuachtáin:

Bain úsáid as Bunachar Sonraí Phaisinéirí an Titanic agus as eolas eile atá aimsithe agat faoin Titanic le leathanach tosaigh nuachtáin a chruthú a foilsíodh sna laethanta i ndiaidh bhriseadh an Titanic.

Bíodh alt nó agallamh ann a bhaineann le duine de na paisinéirí a ndearnadh tarrtháil air nó uirthi. Thig leat é a bhunú ar phaisinéir a bhí ann nó ar phaisinéir a chumann tú féin. Cuir eolas isteach ar chúlra agus ar theaghlach an phaisinéara, ar cad chuige a raibh an duine ar an Titanic, ar cad é mar a bhí an saol ar bhord na loinge, ar an dóigh ar tarrtháladh an duine, ar cad é mar a mhothaigh an duine srl.

B'fhéidir gur mhaith leat roinnt nuachtán ar líne ó mhí Aibreáin 1912 a mheas le daoine eile i ngrúpa, ag tabhairt airde ar an dóigh a gcuirtear eolas i láthair, ar leagan amach, ar chlónna agus ar ghrafaicí. Déan dianmhachnamh ar an chineál teanga a úsáideann tú ionas go mbeidh sí ag teacht le tréimhse sin na staire.
Roghnaigh bogearraí cuí le do nuachtán a dhearadh.

Cuardaigh an tIdirlíon, CD-ROManna nó bunachar sonraí Phaisinéirí an Titanic le heolas agus grafaicí a aimsiú nó bain úsáid as íomhánna ar féidir á scanadh.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 3

(a) Cruthaigh Leathanach Tosaigh Nuachtáin ar lean

Bí cinnte na rudaí seo a leanas a chur isteach:

- Formáidigh téacs trí bhoscaí téacs a chur isteach, déan téacs a ailíniú (align)/a chomhfhadú (justify) /a thimfhilleadh (wrap) de réir mar is gá, bain úsáid as ciumhais leathanaigh (border), as paragraif (paragraph), as ceannteidil (heading), agus as fo-cheannteidil (sub-headings), as timfhilleadh téacs (text wrapping) agus as colúin (columns).
- Déan íomhánna agus téacs cuí a fháil as réimse foinsí agus léirigh tuiscint ar spriocghrúpa agus ar aidhm.
- Cruthaigh agus eagraigh fo-fhillteáin le híomhánna, naisc ghréasáin srl. a stóráil.
- Bain úsáid as gnásanna grúpála, mar shampla, déan pictiúr agus teideal a ghrúpáil.
- Cruthaigh fillteán topaice leis an obair seo a stóráil agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáideadh i do nuachtán.
- Déan boscaí téacs a nascadh le go mbeidh sreabhadh téacs (text flow) eatarthu.
- Bain úsáid as réimse leathan uirlisí eagarthóireachta le híomhánna a chur in eagar.
- Scríobh paragraf gairid le míniú cad é mar a rinne tú an tasc agus sainaithin na fadhbanna a casadh ort.
- Faigh do nuachtán ó d'fhillteán topaice. Cuir ar taispeáint é ar chlár bán nó ar inlíon na scoile agus iarr a mbarúlacha ar an rang. Déan athruithe ar bith atá de dhíth agus sábháil arís é.

Paisinéirí an Titanic - Cuid 3

(b) Cruthaigh Cur i Láthair:

Déan taighde ar an Idirlíon agus cruthaigh cur i láthair faoin saol ar bord an Titanic. Cuir na rudaí seo a leanas isteach ann chomh maith:

- Léirigh aidhm shoiléir agus tuiscint ar spriocghrúpa agus tú ag roghnú íomhánna gluaiste nó neamhghluaiste, fuaimeanna agus téacs.
- Le grafaicí a chur in eagar, bain úsáid as uirlisí amhail bearr, athdhathaigh, cuir i gcodarsnacht srl.
- Leis an chur i láthair a fheabhsú, bain úsáid as réimse gnéithe amhail hipearnaisc, agus rudaí leabaithe, amhail comhaid fuaime agus físchomhaid.
- Bain úsáid as beochan de do chuid féin sna sleamhnáin agus cuir trasdulta cuí leo.
- Bain úsáid as cur chuige "pleanáil, déan agus athbhreithnigh" go rialta le do chuid oibre a fheabhsú.
- Cruthaigh Fillteán Topaice le do chuid oibre a shábháil ann agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáideadh i do chur i láthair, mar shampla grianghraif/ íomhánna scanta, grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin srl.
- Cuir tagairtí le foinsí agus leabharmharcanna le suíomhanna gréasáin ar bhain tú úsáid astu.
- Bain úsáid as uainiú cuí le do chur i láthair a thaispeáint don rang agus freagair ceisteanna ar bith a bhaineann leis an ábhar.
- Labhair ar, agus cuir síos ar, an phróiseas ar thug tú faoi agus pléigh rud ar bith a dhéanfá ar dhóigh eile.